# 22 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**22.1** Ceanglaítear le halt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) (Acht 1990), ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choimeád den airgead ar fad a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur isteach go bliantúil lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**22.2** Ar an iniúchadh a chríochnú, caithfidh GBCN na cuntais agus na tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara a chur isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a chaithfidh iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**22.3** Chomh maith leis sin, ceanglaítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thabharfaidh an GBCN chun cuntais gach bliain. Seo í an tuarascáil le haghaidh 2023.

## Cuntais GBCN 2023

**22.4** Is iad seo a leanas na cuntais arna n-iniúchadh faoi alt 12 d’Acht 1990

- Fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ciste Bhanc Taisce an Phoist
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- An Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn (ISIF)
- Ciste eascró Apple na hÉireann[1]
- Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla).

**22.5** Ar leithligh, ullmhaíonn GBCN ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin (faoi Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001) agus an Chiste Carbóin (faoin Acht um an gCiste Carbóin, 2007). Foilsíonn GBCN iad sin i dteannta na gcuntas eile (alt 12) a fhoilsíonn sé.

**22.6** Tá iniúchadh déanta ar na cuntais le haghaidh 2023. Eisíodh mo thuarascáil ar na hiniúchtaí ar an 30 Aibreán 2024.


1 Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2023,* caibidil 23, Feidhmíocht chiste eascró Apple na hÉireann.

## Struchtúr, costais agus foireann na gníomhaireachta

**22.7** Ó bunaíodh GBCN in 1990, forbraíodh í ina eagraíocht chasta ag a bhfuil feidhmeanna iomadúla a chlúdaíonn níos mó ná a bunról agus a príomhról maidir le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú (féach Fíor 22.1). Tugtar achoimre i bhFíor 22.2 ar dháileadh chostais GBCN ar fud na bhfeidhmeanna.

**22.8** Ag deireadh 2023, bhí 801 ball foirne ar bhonn coibhéis lánaimseartha ag obair in GBCN, ar fud na bhfeidhmeanna agus na ngníomhaíochtaí éagsúla (féach Fíor 22.3).

**Fíor 22.1 Feidhmeanna Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh gníomhaíochtaí de gach ceann de na feidhmeanna/eintitis seo.

b Sna réimsí feidhmiúla de mhaoiniú agus bainistiú fiachais Stáit, agus seirbhísí bainistithe státchiste, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh Chiste na gCuntas Díomhaoin, Chiste Bhanc Taisce an Phoist agus Fhiachas Náisiúnta na hÉireann.

**Fíor 22.2 Costais oibríochtaí, de réir réimse gnó, 2020 go 2023**

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Aonaid ghnó GBCN** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 12.6 | 12.4 | 13.4 | 13.5 |
| An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | 16.0 | 17.2 | 18.4 | 22.5 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 28.1 | 29.2 | 31.7 | 32.6 |
| NewERA | 5.8 | 6.1 | 6.8 | 7.5 |
| Aonad Baincéireachta (An Rannóg Chomhairleach Scarsheilbhe agus Maoinithe, an Roinn Airgeadais) | 1.8 | 2.2 | 4.4 | 2.9 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 11.3 | 11.6 | 12.7 | 13.3 |
| **Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 33.9 | 30.2 | 26.2 | 23.9 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 6.2 | 6.5 | 7.8 | 8.9 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann | 5.0 | 6.0 | 6.2 | 7.3 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **120.7** | **121.4** | **127.5** | **132.4** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

**Fíor 22.3 Dáileadh foirne GBCN ag deireadh na bliana, 2020 go 2023[a]**

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Aonaid ghnó GBCN** | | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 23 | 23 | 24 | 24 |
| An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | 53 | 59 | 66 | 80 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 166 | 170 | 170 | 170 |
| NewERA | 26 | 29 | 29 | 31 |
| Aonad Baincéireachta (An Rannóg Chomhairleach Scarsheilbhe agus Maoinithe, an Roinn Airgeadais) | 9 | 8 | 11 | 12 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 67 | 67 | 66 | 71 |
| **Feidhmeanna corparáideacha GBCN** | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 145 | 143 | 145 | 155 |
| Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchóireacht inmheánach | 48 | 55 | 59 | 63 |
| Riosca | 20 | 20 | 23 | 22 |
| Eile | 1 | 1 | 2 | 1 |
| **Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 174 | 145 | 110 | 92 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 28 | 32 | 38 | 44 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann | 27 | 31 | 31 | 36 |
| **Iomlán** | **787** | **783** | **773** | **801** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nóta: a Tá na figiúirí bunaithe ar choibhéisí lánaimseartha.

## Pá a bhaineann le feidhmíocht

**22.9** Áirítear soláthar d'íocaíocht roghnach a bhaineann le feidhmíocht i dtromlach na gconarthaí atá ag fostaithe GBCN. Tá Coiste Luach Saothair GBCN freagrach as méid iomlán an phá a bhaineann le feidhmíocht a fhaomhadh i gcaitheamh bliana, agus as dámhachtainí aonair molta a fhaomhadh do bhaill d'fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin (FBF) GBCN. Déanann an Príomhfheidhmeannach dámhachtainí íocaíochta a bhaineann le feidhmíocht le haghaidh fostaithe faoi bhun leibhéal FBF a fhaomhadh tar éis athbhreithniú déanta orthu ag fochoiste de chuid FBF.

**22.10** Is iad seo a leanas baill FBF: an Príomhfheidhmeannach, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin, Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, an Príomhoifigeach Daoine, an Príomhoifigeach Dlí, Stiúrthóir an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, an Stiúrthóir Maoinithe agus Bainistithe Fiachais, Stiúrthóir na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus NewERA, agus an Ceannasaí Baincéireachta (atá ar iasacht don Roinn Airgeadais).

**22.11** Rinneadh íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht de €2.2 milliún (2022: €2.2 milliún) le 262 fostaí le haghaidh 2023 (2022: 239), agus íocadh €166,000 le seisear ball FBF (2022: €130,000 le cúigear ball FBF). Ní bhfuair Príomhfheidhmeannach GBCN aon íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht i ndáil le 2023 nó 2022.

### *Gníomhaireachtaí a fhaigheann tacaíocht*

**22.12** I dteannta a oibríochtaí féin, sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann (HBFI), agus soláthraíonn sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar bhonn aisghabháil costas. Tá a bhord féin ag gach ceann de na heintitis a fhaigheann tacaíocht agus tá sé cuntasach ar leithligh do Dháil Éireann.

**22.13** Deonaíodh íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht de €602,000 ar bhaill foirne GBCN a sannadh do ghníomhaireachtaí eile le haghaidh 2023, mar a leanas:

- GNBS €328,000 (2022: €341,000)
- SBCI €151,000 (2022: €136,000)
- HBFI €123,000 (2022: €88,000).

### *Soláthar foirne fheidhmeanna an chórais baincéireachta*

**22.14** Tugadh foireann GBCN atá bainteach le soláthar feidhmeanna córais baincéireachta ar iasacht don Rannóg Chomhairleach Scairsheilbhe agus Maoinithe sa Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith. Ar ordachán ón Aire, is é GBCN a íocann na costais ghaolmhara foirne agus comhairleoirí gairmiúla.

**22.15** Bhí na costais a thabhaigh GBCN in 2023 i ndáil leis an Rannóg Chomhairleach Scairsheilbhe agus Maoinithe cothrom le €3.0 milliún (2022: €4.4 milliún). Athghabhadh costais comhairleoirí gairmiúla €0.9 milliún (2022: €2.7 milliún) in 2023 ó na forais airgeadais chuí.

## Príomhoibríochtaí GBCN in 2023

**22.16** Áirítear leis na príomhfhorbairtí in oibríochtaí GBCN in 2023

- méadú €3.3 billiún (1.4%) ar leibhéal an ollfhiachais náisiúnta
- bhí na costais seirbhísithe fiachais a íocadh (€3.3 billiún) beagnach 14% ní b'ísle ná mar a bhí in 2022, á spreagadh ag ús a fuarthas ar airgead tirim agus ar shócmhainní airgeadais eile mar thoradh ar fhilleadh ar thimpeallacht ráta úis dhearfach.
- €825 milliún a aistríodh chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA)[1]
- laghdú breise ar scairsheilbh an Stáit in AIB Group plc
- €4 bhilliún a aistríodh chuig Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)
- leanúint den treocht aníos i ndliteanas teagmhasach measta na n-éileamh atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.


1 Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2023*, caibidil 1, olltoradh airgeadais an Státchiste le haghaidh 2023.

## Fiachas náisiúnta

**22.17** Is é príomhfheidhm GBCN ná iasachtaí a fháil thar ceann an Aire agus fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú, a shainítear mar an fiachas iomlán atá neamhíoctha de thuras na huaire an Státchiste.[1]

**22.18** An 31 Nollaig 2023, bhí an fiachas náisiúnta cothrom le €234,537 milliún, suas ó €231,236 milliún ag deireadh 2022 (Fíor 22.4) — méadú €3,301 milliún (nó 1.4%).

**Fíor 22.4 Fiachas náisiúnta agus costais seirbhísithe fiachais, 2009 go 2023**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**22.19** Bíonn GBCN i mbun oibríochtaí iasachtaithe freisin, lena n-áirítear iarmhéideanna airgid an Státchiste. In 2023, áiríodh leis sin

- Infheistíochtaí €4.8 billiún i mbillí státchiste ag deireadh na bliana (2022: €25 mhilliún) — cuireadh deireadh leis an gcleachtas maidir le billí státchiste a cheannach ó 2016 tráth ar thit rátaí úis go nialas agus faoina bhun. Agus méadú ag teacht ar rátaí úis ó 2022, chuir GBCN tús an athuair le billí státchiste a cheannach chun leas a bhaint as torthaí dearfacha úis.
- Taiscí airgid €1 bhilliún ag deireadh na bliana (2022: nialas) — an cleachtas maidir le méideanna a chur i dtaisce le hoifigí fiachais an Aontais Eorpaigh eile — a úsáideadh go deireanach thart ar 2012 — cuireadh tús leis an athuair in 2023.[2]
- Méadú €1.12 billiún ar nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe ó €3 bhilliún in 2022 go €4.1 billiún in 2023.

### *Costais seirbhísithe fiachais*

**22.20** Bhí costais seirbhísithe fiachais a íocadh in 2023 cothrom le €3,309 milliún (lena n-áirítear glanús íoctha, táillí idirbheart agus costais oibriúcháin), síos ó €3,841 milliún in 2022. Ba é an phríomhchúis leis an laghdú €532 milliún (nó beagnach 14%) ná an fritháireamh €660 milliún in ús a fuarthas ar iarmhéideanna airgid agus sócmhainní airgeadais eile in 2023.

1 Féach alt 1 d'Acht 1990.

2 Féadfaidh oifigí fiachais an Aontais Eorpaigh taiscí gearrthéarmacha a iarraidh ó thíortha an Aontais eile lena chur ar a gcumas riachtanais leachtachta ghearrthéarmacha a chomhlíonadh.

### *Páipéar gearrthéarmach*

**22.21** Ceannaíonn comhlachtaí agus cistí an Rialtais Láir agus údaráis áitiúla ‘páipéar gearrthéarmach’ ar bhonn tráthrialta (nótaí Státchiste nó nótaí an chisteáin lárnaigh) ó GBCN, mar mhodh chun iarmhéideanna airgid ar láimh nach bhfuil ag teastáil ar an bpointe a bhainistiú. Is cuid mhór é sin d’iasachtaíocht ghearrthéarmach GBCN.

**22.22** Bhí páipéar gearrthéarmach a bhí i seilbh ag deireadh 2023 cothrom le €17.4 billiún san iomlán (suas ó €9.9 billiún ag deireadh 2022) (féach Fíor 22.5). Cuimsíodh leis sin nótaí Státchiste ar luach €15.2 billiún agus nótaí an chisteáin lárnaigh ar luach €2.2 billiún. Eisíodh formhór na nótaí (€17.2 billiún, nó 99%) chuig comhlachtaí agus cistí poiblí.

**22.23** Ba iad na príomhchúiseanna leis an méadú ar luach páipéir ghearrthéarmaigh in 2023 ná méaduithe €4 bhilliún ar iasachtaíocht ón gCúlchiste Náisiúnta Barrachais; agus €3.4 billiún ón gCiste Árachais Shóisialaigh.

**Fíor 22.5 Comhdhéanamh páipéir ghearrthéarmaigh a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí ag deireadh na bliana, 2019 go 2023**

| | 2019<br>€m | 2020<br>€m | 2021<br>€m | 2022<br>€m | 2023<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|
| Comhlachtaí agus cistí Rialtais Láir | 7,177 | 4,553 | 4,166 | 7,841 | 15,490 |
| Údaráis áitiúla | — | — | — | 1,359 | 1,290 |
| Comhlachtaí eile san earnáil phoiblí | 162 | 556 | 376 | 523 | 450 |
| **Páipéar gearrthéarmach iomlán a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí** | **7,339** | **5,109** | **4,542** | **9,724** | **17,230** |
| Páipéar gearrthéarmach a eisíodh chuig comhlachtaí neamhphoiblí | 2,659 | 8,918 | 5,224 | 186 | 128 |
| **Páipéar gearrthéarmach iomlán** | **9,998** | **14,027** | **9,766** | **9,910** | **17,358** |
| Céatadán de pháipéar gearrthéarmach iomlán a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí | 73% | 36% | 47% | 98% | 99% |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

## Bannaí glasa ceannasacha na hÉireann

**22.24** Bhí fiachas meántéarmach agus fadtéarmach ag deireadh 2023 cothrom le 81% (€191 billiún) den fhiachas náisiúnta, go príomha i bhfoirm bannaí Rialtais. Áirítear leis sin roinnt fiachais a ainmníodh mar bhannaí glasa ceannasacha na hÉireann (BGCÉnna). Dearadh iad sin le cur ar chumas na hÉireann airgead a thiomsú le haghaidh tionscadail a ghineann tairbhí dearfacha comhshaoil.

**22.25** Idir 2018 agus 2023, d’eisigh GBCN dhá BGCÉ ráta sheasta ar luach ainmniúil €10,348 milliún san iomlán — €6,848 milliún atá le teacht in aibíocht in 2031 agus €3,500 milliún le teacht in aibíocht in 2043 (féach Fíor 22.6).

**22.26** Íoctar na cistí a thiomsaítear ó BGCÉnna isteach sa Lárchiste ach ní bhíonn siad imfhálaithe. Dá éis sin, leithdháiltear iad ar chaiteachas arna thabhú ag ranna Rialtais cheana féin le haghaidh tionscadail ghlasa incháilithe i gcomhréir le creat BGCÉ.[1] Faoi dheireadh 2023, bhí na fáltais uile a tiomsaíodh leithdháilte ina n-iomláine ar thionscadail ghlasa incháilithe.

**Fíor 22.6 Fáltais agus leithdháiltí BGCÉ, 2018 go 2023**

| | 2018 €m | 2019 €m | 2020 €m | 2021 €m | 2022 €m | 2023 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid tosaigh** | — | 1,034 | 1,318 | 198 | — | — |
| Fáltais ó dhíolacháin BGCÉnna[a] | 2,984 | 2,252 | 1,269 | 839 | — | 3,444 |
| Fáltais iomlána lena leithdháileadh | **2,984** | **3,287** | **2,587** | **1,036** | **—** | **3,444** |
| Leithdháiltí ar thionscadail ghlasa incháilithe[b] | 1,950 | 1,969 | 2,389 | 2,501 | 1,979 | — |
| **Iarmhéid dheireadh na bliana** | **1,034** | **1,318** | **198** | **—** | **—** | **—** |

Foinse: Tuarascáil ar Leithdháileadh Bhannaí Glasa Ceannasacha na hÉireann 2022

Nótaí: a Díoltar Bannaí Glasa Ceannasacha na hÉireann ar phraghsanna margaidh. Ó seoladh in 2018 iad, tá meán na bpraghsanna margaidh beagán os cionn mhéid ainmniúil na mbannaí a eisíodh. Dá bhrí sin, na fáltais (€10,788 milliún) nó an tsuim airgid a tiomsaíodh agus a leithdháileadh ar chaiteachas incháilithe, sáraíonn siad an luach ainmniúil (€10,348 milliún).

b Is féidir fáltais a leithdháileadh ar bhlianta roimhe sin.

**22.27** Déanann meitheal BGCÉ maoirseacht ar chur chun feidhme chreat BGCÉ a chuimsíonn ionadaithe ó GBCN, ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ón Roinn Airgeadais. Faigheann sí cúnamh freisin ón Roinn Iompair, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí.

1 Ligeann creat BGCÉ d’Éirinn fáltais a leithdháileadh ar thionscadail ‘ghlasa’ bhailí trí BGCÉnna a eisiúint. D’fhaomh an Rialtas an creat, tar éis cinneadh comh-aireachta i mí Iúil 2018.


**22.28** Aithníonn an mheitheal, i gcomhairle le ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit ábhartha eile, tionscadail ghlasa incháilithe lena maoiniú nó lena n-athmhaoiniú

- a chuireann chun cinn, go hiomlán nó go páirteach agus cibé acu go díreach nó go hindíreach, aistriú na hÉireann chuig geilleagar atá íseal ó thaobh carbóin de, athléimneach ó thaobh aeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de
- a mhaoinítear, go hiomlán nó go páirteach agus cibé acu go díreach nó go hindíreach, trí chaiteachas, fóirdheontais nó cáin arna ligean thar ceal atá maoinithe ag an Státchiste; agus
- i gcás inar soláthraíodh an caiteachas ábhartha ón Státchiste laistigh den tréimhse 24 mí roimh dháta eisiúna an BGCÉ ábhartha chun tionscadal atá ann cheana a athmhaoiniú; agus a cháilíonn ar bhealach eile faoi chreat BGCÉ.

**22.29** Leagtar amach i *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí* caiteachas an Rialtais a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. Leis sin treoraítear an próiseas leithdháilte arna chomhaontú ar fud na ranna Rialtais a ndéantar ionadaíocht dóibh i meitheal BGCÉ.

**22.30** Déantar fáltais bannaí a leithdháileadh tar éis chaiteachas an tionscadail a bheith tabhaithe. Le Fíor 22.7 léirítear an bealach ar leithdháileadh fáltais BGCÉ ar thionscadail ghlasa incháilithe i gcaitheamh na tréimhse 2018 go 2022.

**Fíor 22.7 Leithdháileadh iomlán na bhfáltas BGCÉ de réir catagóir ghlas incháilithe, 2018 go 2022**




Foinse: Tuarascálacha ar Leithdháileadh Bhannaí Glasa Ceannasacha na hÉireann 2018 go 2022. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

**22.31** Idir mí Mheán Fómhair 2018 agus mí Dheireadh Fómhair 2023, d’fhostaigh GBCN sainchomhairleoirí faoi infheistíocht i gcúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR), chun athbhreithnithe tuairime dara páirtí a dhéanamh ar thionscadail BGCÉ a maoiníodh idir 2019 agus 2022. Shuigh na comhairleoirí go bhfuil na tionscadail, ar leithdháileadh cistí orthu, ailínithe le creat na mbannaí glasa. Níor tugadh cuairteanna ar an láthair ar thionscadail mar chuid de na hathbhreithnithe, agus ní dhearna na comhairleoirí iniúchadh ar an gcaiteachas féin.

**22.32** Bunaithe ar na nósanna imeachta um dhearbhú teoranta a rinneadh, tháinig na sainchomhairleoirí ar an gconclúid nár shainaithin siad aon rud a thabharfadh le fios, ar gach bealach ábhartha, nach bhfuil na tionscadail a maoiníodh le fáltais ó na BGCÉnna i gcomhréir le húsáid na bhfáltas agus na critéir thuairiscithe a leagtar amach i gcreat BGCÉ.

## Caipitliú na mbanc

**22.33** Idir 2009 agus 2010, rinne an Stát infheistíocht €30.85 billiún i bhfoirm nótaí gealltanais sna bainc mar chuid d’athchaipitliú na mbanc baile — ceann de raon beart a úsáideadh chun an córas baincéireachta a chobhsú tar éis thús na géarchéime airgeadais in 2008.

**22.34** I mí Feabhra 2013, tar éis leachtaitheoirí speisialta a cheapadh sa Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc (IBRC), cuireadh ocht mbanna Rialtais ráta chomhlúthaigh ar luach ainmniúil €25.034 billiún in ionad na nótaí gealltanais lenar ghabh aibíochtaí idir 25 agus 40 bliain. Ina theannta sin, fuair an Banc Ceannais €3.5 billiún den bhanna státchiste ráta sheasta 5.4% a bhí ann cheana. Bhí an chéad cheann de na hocht mbanna ráta chomhlúthaigh le teacht in aibíocht in 2038 agus bhí na bannaí ráta chomhlúthaigh eile le teacht in aibíocht gach dhá bhliain ina dhiaidh sin idir 2041 agus 2053.

**22.35** Mar is léir ó Fhíor 22.8, fuasclaíodh na bannaí ina n-iomláine i gcaitheamh na tréimhse 2014 go 2023 ar phréimh iomlán €12.6 billiún agus an t-ús a íocadh cothrom le €4.14 billiún san iomlán. Bhí an t-ús agus an phréimh ina gcuid de bharrachas Bhanc Ceannais na hÉireann, agus loghadh cuid acu chuig an Státchiste i gcaitheamh na tréimhse céanna.

**Fíor 22.8 Bannaí ráta chomhlúthaigh arna n-eisiúint agus arna bhfuascailt idir 2013 agus 2023**

| Bliain | | An méid ainmniúil arna eisiúint | An méid ainmniúil arna fhuascailt | Arna íoc tráth fuascailte | An phréimh arna híoc | An t-ús arna íoc[a] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €m | €m | €m | €m | €m |
| **2013** | **Iarmhéid tosaigh** | **25,034** | — | — | — | 638 |
| **2014** | Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2038 | 2,000 | 500 | 680 | 180 | 755 |
| **2015** | | | 1,500 | 2,053 | 553 | 669 |
| | Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2041 | 2,000 | 500 | 705 | 205 | |
| **2016** | | | 1,500 | 2,138 | 638 | 557 |
| | Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2043 | 2,000 | 1,500 | 2,221 | 721 | |
| **2017** | | | 500 | 694 | 194 | 435 |
| | Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2045 | 3,000 | 3,000 | 4,473 | 1,473 | |
| | Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2047 | 3,000 | 500 | 787 | 287 | |
| **2018** | | | 2,500 | 3,912 | 1,412 | 335 |
| | Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2049 | 3,000 | 1,500 | 2,340 | 840 | |
| **2019** | | | 1,500 | 2,330 | 830 | |
| | Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2051 | 5,000 | 1,500 | 2,407 | 907 | 249 |
| **2020** | | | 1,000 | 1,650 | 650 | 194 |
| **2021** | | | 2,000 | 3,273 | 1,273 | 144 |
| **2022** | | | 500 | 784 | 284 | 106 |
| | Banna Státchiste Ráta Chomhlúthaigh 2053 | 5,034 | 2,500 | 3,687 | 1,187 | |
| **2023** | | | 2,534 | 3,535 | 1,001 | 58 |
| | **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | **—** | | | | |
| **Iomlán** | | | **25,034** | **37,669** | **12,635** | **4,140** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nóta: a Íocadh ús gach sé mhí leis na bannaí (Meitheamh agus Nollaig) bunaithe ar ráta úis sé mhí Euribor móide corrlach úis seasta a bhí sa raon idir 2.50% agus 2.68%.

## Ciste Carbóin

**22.36** Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin, 2007, chun creidmheasanna carbóin a cheannach ar mhaithe le comhlíonadh ghealltanais na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto — comhaontú idirnáisiúnta um an athrú aeráide. Faoi Acht 2007, tá freagracht ar GBCN as creidmheasanna carbóin a cheannach tríd an gCiste Carbóin, is creidmheasanna a bhfuil gá leo chun oibleagáidí na hÉireann maidir leis an athrú aeráide a chomhlíonadh.

**22.37** Ní chun críocha trádála a choinnítear na sócmhainní atá sa Chiste Carbóin ach tá siad le cur isteach mar chuid de chomhlíonadh na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto agus a cuid oibleagáidí faoin reachtaíocht Eorpach.

**22.38** Ag deireadh mhí na Nollag 2023, bhí 701,795 aonad fágtha sa chiste. Ní bhaineann aon luach airgid leis na sealúchais sin.

**22.39** Níor cheannaigh GBCN aon chreidmheasanna carbóin in 2022 ná in 2023, agus ag deireadh mhí na Nollag 2023, is amhlaidh a bhí glanluach sócmhainní nialasach ag an gCiste Carbóin. Faoi rialacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm faoi láthair, níl coinne leis go gceannófar tuilleadh creidmheasanna carbóin agus cinnfear todhchaí an chiste a luaithe a dhiúscrófar na creidmheasanna carbóin atá fágtha.

### *Aonaid leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí a cheannach*

**22.40** I mí na Bealtaine 2018, ghlac an tAontas Eorpach an Rialachán maidir le Comhroinnt Iarrachtaí lena leagtar síos spriocanna ceangailteacha bliantúla um astaíochtaí uasta le haghaidh na tréimhse 2021 go 2030. Faoin rialachán sin, ní rogha d'Éirinn é a thuilleadh creidmheasanna carbóin a cheannach sna margaí carbóin chun a spriocanna astaíochtaí a bhaint amach. Mar sin féin, is féidir úsáid a bhaint as aonaid bharrachais leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí (AEA), a cheannaítear ó bhallstáit eile, chun comhlíonadh na spriocanna astaíochtaí a bhaint amach.

**22.41** Go luath in 2023, shínigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide comhaontú leis an tSlóvaic chun thart ar 4.1 milliún aonad AEA a cheannach ar €0.7 in aghaidh an aonaid (costas iomlán €2.9 milliún). Rinneadh amhlaidh chun a chinntiú gur chomhlíon Éire a cuid oibleagáidí faoin gCinneadh an Aontais Eorpaigh maidir le Comhroinnt Iarrachtaí lenar leagadh amach spriocanna astaíochtaí na hÉireann le haghaidh na tréimhse 2013 go 2020.[1] Muirearaíodh ceannach na n-aonad ar Vóta 29 – Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid in 2023.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

**22.42** Is é is an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ) ann ná ciste forbartha ceannasach a bhfuil sainordú reachtúil aige chun infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach a dearadh chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus d'fhostaíocht in Éirinn.[2]

**22.43** Tá sócmhainní CISÉ á gcoimeád in dhá phunann

- tá an **phunann ordaithe infheistíochta** faoi réir ordachán a thugann an tAire Airgeadais[3]
- tá an **phunann lánroghnach infheistíochta** comhdhéanta d'infheistíochtaí a rinneadh de réir ailt ábhartha Acht 2014, áit a ndéanann GBCN sócmhainní CISÉ (seachas infheistíochtaí spriocdhírithe) a shealbhú nó a infheistiú ar bhonn tráchtála.


**22.44** Mar a léirítear i bhFíor 22.9, tháinig laghdú beagnach 35% ar na glansócmhainní arna sealbhú ag CISÉ ó €22.2 billiún in 2014 go dtí díreach os cionn €14.5 billiún ag deireadh 2023.

1 Faoin gCinneadh an Aontais Eorpaigh maidir le Comhroinnt Iarrachtaí, ceanglaíodh ar na Ballstáit a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a theorannú sna hearnálacha 'comhroinnte iarrachtaí' gach bliain ó 2013 go 2020. Ceanglaíodh orthu freisin laghdú thart ar 10% a sheachadadh i dteannta a chéile ar astaíochtaí iomlána an Aontais ó na hearnálacha arna gcumhdach faoi 2020, i gcomparáid le leibhéil 2005.

2 Bunaíodh CISÉ i mí na Nollag 2014, de bhun an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (Acht 2014). Nuair a bunaíodh é, tháinig sócmhainní agus dliteanais an iar-Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CCNP) chun bheith ina sócmhainní agus ina ndliteanais de chuid CISÉ.

3 Déantar foráil le halt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire ordachán a thabhairt do GBCN maidir le sealbhú agus bainistíocht infheistíochta ordaithe, le feidhmiú aon cheart vótála a ghabhann le haon infheistíocht ordaithe, nó le diúscairt infheistíochta ordaithe.

**Fíor 22.9 Luach ghlansócmhainní CISÉ, 2014 go 2023**





Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, 2014 go 2023

### *Punann lánroghnach infheistíochta*

**22.45** D'fhás an phunann lánroghnach go measartha ó thaobh luacha de, ó €7.2 billiún ag deireadh 2014 go beagnach €8.4 billiún faoi dheireadh 2023. Tá sé sin, go príomha, mar gheall ar ghnóthachain infheistíochta thart ar €2.3 billiún agus instealltaí airgid, ar fritháiríodh cuid díobh i gcoinne an ghlanaistrithe chaipitiúil chuig tionscnaimh eile Rialtais, lena n-áirítear chuig Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla).

**22.46** I mí an Mheithimh 2022, seoladh straitéis infheistíochta athbhreithnithe CISÉ, ina raibh fócas ar cheithre phríomhthéama infheistíochta: aeráid, tithíocht agus infheistíochtaí cumasúcháin, gnólachtaí dúchasacha a scálú, agus bia agus talmhaíocht.[1] Mar a léirítear i bhFíor 22.10, gheall CISÉ thart ar €1.66 billiún san iomlán do na ceithre théama infheistíochta — €823 milliún in 2022 agus €839 milliún sa bhreis in 2023.

**Fíor 22.10 Infheistíocht CISÉ de réir téama idir 2022 agus 2023**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

1 Tá solúbthacht ag an straitéis nua do CISÉ chun infheistíocht a dhéanamh taobh amuigh de na ceithre théama agus chun aghaidh a thabhairt ar theagmhais mhaicreacnamaíocha nach rabhthas ag súil leo, amhail Covid-19.

### *Punann ordaithe infheistíochta*

**22.47** Ó 2014 i leith, tháinig laghdú 59% ar an nglanluach sócmhainní a coimeádadh sa phunann ordaithe. Ba é ba phríomhchúis leis an laghdú ar luach — ó €15 bhilliún in 2014 go €6.2 billiún in 2023 — ná aistrithe chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus díol scaireanna in AIB Group plc (AIB) agus Bank of Ireland Group plc (BOI).

*Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann a mhaoiniú*

**22.48** An 8 Aibreán 2019, d'ordaigh an tAire Airgeadais do GBCN comhaontú saoráide iasachta a fhorghníomhú le Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (Iasachtú) CGA, agus saoráid iasachta suas le €730 milliún a chur ar fáil ó CISÉ don chuideachta. Bhí iarmhéid na hiasachta a bhí neamhíoctha ag deireadh mhí na Nollag 2023 cothrom le €325 milliún.

*An Ghníomhaireacht Forbartha Talún CGA a mhaoiniú*

**22.49** An 22 Deireadh Fómhair 2018, thug an tAire Airgeadais fógra do GBCN faoi chinneadh cúlchiste suas le €1.25 billiún a leithdháileadh ó shócmhainní na punainne ordaithe chun tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún CGA (LDA).

**22.50** In 2022, aistríodh €100 milliún chuig LDA as sócmhainní CISÉ. I gcaitheamh 2023, d'ordaigh an tAire Airgeadais do GBCN €825 milliún sa bhreis a aistriú as sócmhainní CISÉ chuig LDA. Rinneadh amhlaidh chun an dliteanas a tháinig chun cinn mar thoradh ar shuibscríbhinn an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe le haghaidh scaireanna in LDA, i gcomhréir leis an Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, a urscaoileadh.

*Dífheistiú AIB Group plc*

**22.51** Lean CISÉ de scaireanna AIB a dhiúscairt in 2023, agus dhiúscair sé 453 milliún scair AIB san iomlán, rud a ghin glanfháltais €1,748 milliún. Leis sin, laghdaíodh scairsheilbh an Stáit in AIB ó 56.8% amhail an 31 Nollaig 2022 go 40.8% ag deireadh na bliana 2023. Aistríodh chuig an Státchiste in 2023 €503 milliún san iomlán a cruinníodh ó dhiúscairtí scaireanna in AIB.

## Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)

**22.52** Bunaíodh Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) (NSRF) ar an 31 Deireadh Fómhair 2019 nuair a cuireadh tús feidhme leis an Acht um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla), 2019 (Acht NSRF).

**22.53** Faoi Acht NSRF, ceanglaítear ar an Aire Airgeadais suim fhorordaithe €500 milliún a íoc ó Lárchiste an Státchiste chuig NSRF gach bliain idir 2019 go dtí 2023, an dá bhliain sin san áireamh, mura socródh an tOireachtas a mhalairt.[1] Ceadaítear ranníocaíocht atá níos mó ná an tsuim fhorordaithe le rún ó Dháil Éireann.

**22.54** An 15 Samhain 2019, aistríodh €1.5 billiún ó NSRF chuig CISÉ.

1 D'fhéadfadh an tOireachtas, ar mholadh ón Aire Airgeadais an 1 Samhain nó tar éis an dáta sin i mbliain ar leith, rún a rith lena ligfí don Aire gan an tsuim fhorordaithe a íoc isteach sa Chiste an bhliain sin.

**22.55** An 28 Deireadh Fómhair 2020, aistarraingíodh an tsuim iomlán €1.5 billiún chun cúnamh a thabhairt do phráinnfhreagairt an rialtais do phaindéim Covid-19. De bhun rúin a rith an tOireachtas, níor íocadh an tsuim fhorordaithe chuig NSRF sa bhliain 2020 ná sa bhliain 2021, mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla arbh iad an Breatimeacht agus Covid-19 ba chúis leo. Mar thoradh air sin, ba é nialas iarmhéid an chiste le linn an chuid eile de 2020 agus 2021.

**22.56** Ag teacht sna sála ar rún eile ón Dáil an 27 Meán Fómhair 2022, aistríodh suim chomhiomlán €2 bhilliún chuig NSRF ón Lárchiste an 1 Samhain 2022 agus suim chomhiomlán €4 bhilliún an 7 Feabhra 2023. Ag deireadh 2023, bhí glansócmhainní €6.179 billiún ag NSRF — infheistíodh €6.139 billiún i nótaí Státchiste, agus ioncam úis €40 milliún.

**22.57** Leis an Acht fán gCiste um Éire sa Todhchaí agus fán gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra, 2024, a achtaíodh an 18 Meitheamh 2024, déantar foráil maidir le díscaoileadh NSRF. Foráiltear leis freisin nach mór iarmhéid NSRF a aistriú chuig dhá chiste nua — an Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra, agus an Ciste um Éire sa Todhchaí. Tá coinne leis go gcuirfear tús feidhme le forálacha ábhartha an Achta fán gCiste um Éire sa Todhchaí agus fán gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra, 2024 agus tá coinne leis go gcuirfear aistriú iarmhéid NSRF chuig an dá chiste nua i gcrích faoi dheireadh 2024.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**22.58** Bainistíonn GBCN éilimh a bhaineann le díobháil phearsanta, lena n-áirítear faillí chliniciúil, agus éilimh tríú páirtí a bhaineann le damáiste do réadmhaoin thar ceann an Stáit agus thar ceann údaráis tharmligthe Stáit. Lena chois sin, tá ról bainistíochta riosca aige, ina dtugann sé comhairle agus cabhair do na húdaráis Stáit sin chun a neamhchosaint ar éilimh a laghdú. Chomh maith leis sin, déanann sé breithniú agus bainistiú ar éilimh costais tríú páirtí i gcoinne an Stáit agus údaráis tharmligthe Stáit, a eascraíonn as gach catagóir éileamh. Agus na feidhmeanna sin á gcur i gcrích, tugtar ‘an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS)’ ar GBCN.

### *Socrú éileamh in 2023*

**22.59** In 2023, d’íoc GÉS socraíochtaí, dámhachtainí agus costais ab fhiú €574 milliún san iomlán — 4% níos mó ná an bhliain roimhe (2022: €551 milliún).[1] Tá na suimeanna sin inghnóthaithe ag GÉS ó na húdaráis Stáit ábhartha atá faoi dhliteanas i dtaca le héilimh a bhainistíonn GÉS thar a gceann.[2]


**22.60** Tá an costas measta a bhaineann le héilimh neamhíoctha a shocrú ag méadú ag ráta seasta (féach Fíor 22.11). Mheas GÉS gur €5.185 billiún[3] a bhí sa dliteanas neamhíoctha ag deireadh 2023.

1 Cuimsítear ann gach dámhachtain agus costas a íocadh faoi na scéimeanna ginearálta agus cliniciúla slánaíochta agus gach costas eile ar íoc Aonad na gCostas Dlíthiúil iad — lena n-áirítear costais Bhinse.

2 Ní dhéantar costais riaracháin dhílse GÉS (€32 mhilliún in 2023) a ghnóthú ó údaráis tharmligthe Stáit.

3 Baineann €840 milliún den dliteanas measta neamhíoctha ag deireadh na bliana le horduithe eatramhacha agus ‘íocaíochta tréimhsiúla’.


**Fíor 22.11 Dliteanas measta éileamh amuigh ag deireadh na bliana, 2012 — 2023**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**22.61** Socraíodh thart ar 3,410 éileamh in 2023 — méadú ó 3,082 éileamh in 2022. Tá an líon éileamh atá faoi bhainistíocht GÉS ag deireadh na bliana fós ard, áfach (féach Fíor 22.12). Ag deireadh 2023, bhí 11,137 éileamh faoi bhainistíocht, lena n-áirítear 1,503 éileamh mar chuid d'ollghníomhaíochtaí (ginearálta agus cliniciúil).

**Fíor 22.12 Éilimh a fuarthas agus a socraíodh gach bliain, agus éilimh faoi bhainistíocht, ag deireadh na bliana, 2012 – 2023**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**22.62** Ba le comhlachtaí earnála sláinte (lena n-áirítear FSS agus an Roinn Sláinte) a bhain 93% den dliteanas measta neamhíoctha ag deireadh 2023, agus bhí dhá earnáil eile (Ceartas agus Cosaint, agus Oideachas) freagrach as 4.2% eile (féach Fíor 22.13).

**Fíor 22.13 Cion den dliteanas measta amuigh le haghaidh gach earnála údarás Stáit, ag deireadh 2023**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Cuimsíonn an earnáil sláinte FSS, an Roinn Sláinte agus na comhlachtaí atá faoina coimirce, agus comhlachtaí príobháideacha agus deonacha pobail.
b Cuimsíonn Ceartas agus Cosaint Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus comhlachtaí áirithe eile.
c Tá éilimh Tusla curtha ar áireamh sa chatagóir Eile, toisc go dtiteann Tusla faoi choimirce an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

### *Dlíthíocht CervicalCheck*

**22.63** Faoi dheireadh 2023, fuair GÉS fógra de 393 éileamh a bhain leis an gclár CervicalCheck de chuid FSS (deireadh 2022: 379 éileamh).[1] Cuimsítear ansin 80 éileamh a bhain le díobháil shíceolaíoch ó bhaill teaghlaigh le mná a bhain leas as an gclár seo.

**22.64** I rith 2023, cuireadh 61 éileamh CervicalCheck i gcrích, rud a thug líon iomlán na gcásanna a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2023 go dtí 244. Tá na costais iomlána anaithnid toisc go bhfuil formhór na n-éileamh socraithe ag na saotharlanna bainteach leis na cásanna aonair, agus luaigh GBCN nach mbeadh, i dtromlach na gcásanna, mionsonraí aige ar na híocaíochtaí socraithe a rinne na saotharlanna sin. Cuirtear idirghabháil ar fáil nuair is féidir chun éilimh a réiteach ar bhealach neamhsháraíochta, cé go bhféadfadh nach mbeadh sé sin faoi stiúir GÉS i gcónaí.

**22.65** Sholáthar an Binse CervicalCheck, atá i mbun feidhme ó mhí na Nollag 2020 i leith, córas malartach ar na cúirteanna chun éilimh a tháinig chun cinn a phróiseáil. Dhún an Binse an fháil iarratas an 26 Iúil 2022, agus 25 cás ar glacadh leo ann. Tá clabhsúr le gach cás anois, agus socraíodh cuid acu. Chríochnaigh an Binse le héisteachtaí cásanna ag deireadh mhí Iúil 2023. Fágtar faoi na gearánaigh i ngach cás a chinneadh cé acu ar mhian leo éilimh a thabhairt chuig an mBinse nó iad a chur trí na cúirteanna. I gcás gearánaigh a chur éilimh faoi bhráid an Bhinse, coimeádann siad an ceart chun achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte.

1 Áirítear cásanna Binse sa 393 éileamh.

### *Eisceachtaí soláthair agus finnéithe saineolacha*

**22.66** I rith 2023, rinne GBCN íocaíochtaí ar luach iomlán €8.8 milliún (gan CBL a áireamh) (2022: €7.1 milliún, gan CBL a áireamh) i dtaobh earraí/seirbhísí a bhí faoi réir eisceachtaí soláthair arna bhfaomhadh i gcomhréir le *Beartas Soláthair* agus *Nós Imeachta Soláthair* GBCN.


**22.67** D'fhan leibhéal iomlán an tsoláthair neamhiomaíoch ag GBCN ar leibhéal réasúnta comhsheasmhach le sé bliana anuas. Mhéadaigh an cion den chaiteachas a bhaineann le finnéithe saineolacha arna gcoinneáil ag GÉS bliain i ndiaidh bliana i gcaitheamh na tréimhse céanna, áfach (féach Fíor 22.14). Tá méadú tagtha ar na costais as finnéithe saineolacha a sholáthar go neamhiomaíoch ó 50% d'iomlán na n-eisceachtaí soláthair in 2018, go 87% in 2023. D'éirigh punann éileamh GÉS níos mó agus níos casta i gcaitheamh an ama sin freisin. Réitigh GÉS 2,623 éileamh in 2018 agus 3,410 éileamh in 2023, méadú 30%.

**22.68** Déanann GÉS a fhinnéithe saineolacha a chatagóiriú in dhá chatagóir leathana — finnéithe i ndáil le cúis agus dliteanas (e.g., finnéithe leighis agus innealtóra), agus finnéithe i ndáil le candam agus fíric (e.g., finnéithe achtúireacha). Ní dhéanann GÉS finnéithe i ndáil le cúis agus dliteanas a sholáthar go hiomaíoch toisc go meastar go dtiocfadh leibhéal breise de riosca dlíthíochta chun cinn de thoradh próiseas soláthair den sórt sin i ndáil le neamhspleáchas na bhfinnéithe sin.

**22.69** Thabhaigh GÉS costais finnéithe saineolacha de €7.69 milliún in 2023 (2022: €5.76 milliún) as seirbhísí a soláthraíodh go neamhiomaíoch.

**22.70** Cuireadh painéal creata ilpháirtí i bhfeidhm chun seirbhísí finnéithe saineolacha ailtireachta a sholáthar agus, ar leithligh, cuireadh trí phainéal creata ilpháirtí (deighilte de réir suíomh geografach) i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí imscrúdaitheoirí príobháideacha a bhain le finnéithe maidir le candam agus fíric, de bhun próisis tairisceana iomaíche, i mí an Mhárta 2023.

**Fíor 22.14 Eisceachtaí soláthair GBCN, 2018 – 2023**




Foinse: Ráitis Airgeadais de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2018 go 2023. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.